C/2025/5375

3.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11887 — AAR / AIR FRANCE / XCELLE AMERICAS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5375)

1. An 25 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AAR (stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Société Air France SA ('Air France', an Fhrainc), faoi úinéireacht an ghrúpa Air France-KLM ('an Fhrainc'),

— xCelle Americas JV ('an comhfhiontar', Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Gheobhaidh AAR agus Air France rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir domhanda aeraspáis agus cosanta é AAR a thairgeann réimse cuimsitheach seirbhísí agus táirgí eitlíochta, lena n-áirítear cothabháil, deisiú agus ollchóiriú, chomh maith le réitigh slabhra soláthair,

— Bíonn Air France gníomhach sa ghnó iompair paisinéirí agus lasta in éineacht le cothabháil aerloingseoireachta d'aerlínte,

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair: Seirbhísí MRO a sholáthar do naoisilí i Meiriceá Thuaidh, Theas agus Láir, chomh maith le Muir Chairib.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11887 — AAR / AIR FRANCE / XCELLE AMERICAS JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË